

A special set of numbers is used for counting people. These special forms are used for the numbers 2 – 10 and 12. Otherwise the same numbers are used as when counting things. See Ceacht 3 for more details. Usually, the genitive plural of the noun follows the personal numbers, but this rule is not consistently followed.

1.	cailín amháin	one girl	aon chailín déag	eleven girls
2.	beirt chailíní	two girls	dháréag cailíní	twelve girls
3.	triúr cailíní	three girls	trí chailín déag	thirteen girls
4.	ceathrar cailíní	four girls	ceithre chailín déag	fourteen girls
5.	cúigear cailíní	five girls	cúig chailín déag	fifteen girls
6.	seisear cailíní	six girls	sé chailín déag	sixteen girls
7.	seachtar cailíní	seven girls	seacht gcailín déag	seventeen girls
8.	ochtar cailíní	eight girls	ocht gcailín déag	eighteen girls
9.	naonúr cailíní	nine girls	naoi gcailín déag	nineteen girls
10.	deichniúr cailíní	ten girls	fiche cailín	twenty girls

Siblings and children. The expression “*cé mhéad*” means “how many”. This is followed by the singular form of the noun (e.g. “how many child” instead of “how many children”).

11.	An bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha agat?	Do you have brothers or sisters?
12.	Cé mhéad deartháir atá agat?	How many brothers do you have?
13.	Tá deartháir amháin agus beirt deirfiúracha agam.	I have one brother and two sisters.
14.	Tá triúr deartháireacha agus deirfiúr amháin agamsa.	I have three brothers and one sister.
15.	Cé mhéad páiste atá agat?	How many children do you have?
16.	Tá mac agus iníon agam.	I have a son and a daughter.
17.	Tá triúr mac agus ceathrar iníonacha againn.	We have three sons and four daughters.
18.	Cé mhéad agaibh atá sa teach?	How many of you are in the house?

Below are the Irish terms for several other relations.

19.	athair	father	máthair	mother
20.	daid	dad	mam	mom
21.	daidí	daddy	mamaí	mommy
22.	seanathair	grandfather	seanmháthair	grandmother
23.	daideo	grandpa	mamó	grandma
24.	deartháir	brother	deifiúr	sister
25.	mac	son	iníon	daughter
26.	garmhac	grandson	gariníon	granddaughter
27.	fear céile	husband	bean chéile	wife
28.	nia	niece	neacht	nephew
29.	col ceathrair	cousin	col seisir	second cousin
30.	páiste	child	leanbh	young child
31.	buachaill	boy	cailín	girl
32.	garsún	boy	gearrchaile	girl
33.	uncail	uncle	aintín	aunt
34.	athair céile	father-in-law	máthair chéile	mother-in-law
35.	clann	children	teaghlach	family
36.	tuismitheoirí	parents	muintir	folks
37.	cara	friend	namhaid	enemy

An Teaghlach: Mír a haon:

Comhrá a haon:

Máire: A Liam, cé mhéad agaibh atá sa teach?
Liam: Fan go bhfeice mé. Tá duine, beirt, triúr, ceathrar ... tá cúigear againn sa teach.
Máire: Cé mhéad deartháir atá agat?
Liam: Tá beirt deartháireacha agam.
Máire: Agus cé mhéad deirfiúr atá agat?
Liam: Níl aon deirfiúr agam.
Máire: Ára, a chréatúir!

Comhrá a dó:

Liam: A Mháire, cé mhéad agaibh atá sa teach?
Máire: Ó, tá ochtar againn anois ann.
Liam: Ochtar?
Máire: Is ea. Tá Mam agus Daid ann. Ansin, tá triúr deartháireacha agam agus tá beirt deirfiúracha agam.
Liam: Teaghlach mór sibh mar sin!

Comhrá a trí:

Úna: A Niamh, an bhfuil aon deirfiúr agatsa sa mbaile?
Niamh: Níl aon deirfiúr agam sa bhaile, faraor. Ach tá beirt deirfiúracha agam i Meiriceá, agus tá triúr deirfiúracha agam san Astráil.
Úna: An bhfuil anois?

Comhrá a ceathair:

Séamas: A Rónán, nach bhfuil deartháir agatsa i Meiriceá?
Rónán: Ó, níl. Tá *deirfiúr* agam i Meiriceá. Ach tá deartháir agam i Sasana.
Séamas: Á sin é é anois!

Mary: William, how many of you are at home?
William: Let's see. There's one, two, three, four ... there are five of us at home.
Mary: How many brother's do you have?
William: I have two brothers.
Mary: And how many sisters do you have?
William: I don't have any sisters.
Mary: Alas, poor thing!

William: Mary, how many of you are at home?
Mary: O, there are eight of us now.
William: Eight?
Mary: Yes. There's Mom and Dad. Then, I have three brothers and two sisters.
William: You're a large family then!

Una: Niamh, do you have any sisters at home?
Niamh: I don't have any sisters at home, alas. But I have two sisters in America, and I have three sisters in Australia.
Una: Do you now?

James: Ronan, don't you have a brother in America?
Ronan: O, no. I have a *sister* in America. But I have a Brother in England.
James: O, that's it then.

Cuir síos ar an teaghlach: Mír a haon:

Comhrá a haon:

Pól: A Dhiarmaid, cad is ainm do d'athair?

Diarmaid: M'athair? Ó, Seán is ainm dó.

Pól: Agus cén aois é d'athair?

Diarmaid: Ó is seandúine é! Tá sé tríocha is a sé.

Pól: Agus cad is ainm do do mháthair?

Diarmaid: Mo mháthair? Ó, Pauline is ainm do mo mháthair.

Pól: Cén aois í do mháthair?

Diarmaid: Tá Mam níos óige ná Daid. Tá sise tríocha is a dó.

Paul: Jerry, what is your father's name?

Jerry: My father? Oh, his name is Sean.

Paul: And how old is your father?

Jerry: Oh, he's an old man! He's thirty-six.

Paul: And what is your mother's name?

Jerry: My mother? Oh, my mother's name is Pauline.

Paul: How old is your mother?

Jerry: Mom is younger than Dad. She's thirty-two.

Comhrá a dó:

Ruairí: A Ghearóid.

Gearóid: 'Sea, a Ruairí?

Ruairí: Tá mo Dhaidí-se níos sine ná do Dhaidí-se.

Gearóid: Níl sé!

Ruairí: Tá sé, a Ghearóid, tá sé! Tá mo Dhaidí-se daichead is a trí!

Gearóid: Bhuel, a Ruairí, tá mo Dhaidí-se daichead is a ceathair!

Ruairí: Bhuel, a Ghearóid, tá mo Mhamáí-se daichead is a cúig!

Gearóid: Bhuel, a Ruairí, tá mo Mhamáí-se daichead is a sé.

Ruairí: Bhuel, tá Mamó agamsa agus tá sí nócha bliain d'aois!

Gearóid: An bhfuil anois! Bhuel, tá Daideo agamsa agus tá seisean dhá chéad blain d'aois!

Ruairí: Úúúú! Sin aois mhór!

Rory: Gerald.

Gerald: Yes, Rory?

Rory: My Daddy's older than your Daddy.

Gerald: No he isn't!

Rory: Yes he is, Gerald, yes he is! My Daddy is forty-three!

Gerald: Well, Rory, my Daddy is forty-four!

Rory: Well, Gerald, my Mommy is forty-five!

Gerald: Well, Rory, my Mommy is forty-six!

Rory: Well, I have a Grandma and she is ninety years old!

Gerald: Do you now! Well, I have a Grandpa and he is two hundred years old!

Rory: Ooooh! That's old!

Cuir síos ar an teaghlach: Mír a dó:

An Chéad Chainteoir:

Síle is ainm domsa. Tá mé cúig bliana déag d'aois. Is mise an duine is sine sa chlann. Is é Seán an duine is óige sa chlann. Tá Seán naoi mbliana d'aois. Ach is é Máirtín an duine is fearr liom sa chlann.

My name is Sheila. I'm fifteen years old. I'm the oldest of the children. John is the youngest child. John is nine years old. But Martin is my favorite of the children.

An Dara Cainteoir:

Pól is ainm domsa. Tá mé ceithre bliana déag d'aois. Is mise an duine is óige sa chlann. Is í Treasa an duine is sine sa chlann. Tá Treasa sé bliana is fiche. Ní maith liom Séamas. Tá seisean gránna!

My name is Paul. I'm fourteen years old. I'm the youngest of the children. Teresa is the oldest of the children. Teresa is twenty-six. I don't like James. He's nasty!

An Tríú Cainteoir:

Máirín is ainm domsa. Tá deirfiúr amháin agam. Póilín is ainm di agus is fuath liom í, mar tá sí cruálach. Bhris sí mo bhábóg orm inné! Is é mo dheartháir Cormac an duine is sine sa chlann. Tá Cormac naoi mbliana déag.

My name is Maureen. I have one sister. Her name is Pauline and I hate her, because she's cruel. She broke my doll yesterday! My brother Cormack is the oldest of the children. Cormack is nineteen.

An Ceathrú Cainteoir:

Is mise Niall. Tá mé trí bliana déag d'aois. Tá beirt deartháireacha agam, sin iad Breandán agus Séamas. Is é Séamas an duine is fearr liom. Tá Séamas an-chineálta. Thug sé punt dom inné! Ach ní maith liom Tomás. Thug seisean cic dom inné.

I'm Niall. I'm thirteen years old. I have two brothers, Brendan and James. James is my favorite. James is very kind. He gave me a pound yesterday! But I don't like Thomas. He gave me a kick yesterday.

Gaolta:

Comhrá a haon:

Seán: A Mháire, cé mhéad uncail atá agatsa.
Máire: Fan go bhfeice mé. Em, tá dhá uncail agam. Pól is ainm d'uncail amháin. Deartháir le Mam is ea Uncail Pól. Agus Seán is ainm d'uncail eile, deartháir le Daid is ea Uncail Seán.

Sean: Mary, how many uncles do you have?
Mary: Let me see. Em, I have two uncles. Paul is the name of one uncle. Uncle Paul is Mom's brother. And Sean is the other uncle's name; Uncle Sean is Dad's brother.

Comhrá a dó:

Liam: A Dhónaill, cé mhéad aintín atá agatsa?
Dónall: Cé mhéad aintín? Em, tá sé aintín agamsa. Tá triúr deirfiúracha ag Mam agus tá triúr deirfiúracha ag Daid.
Liam: Agus an bhfuil a lán col ceathracha agat mar sin?
Dónall: Ó tá! Tá deichniúr col ceathracha agam!

William: Donald, how many aunts do you have?
Donald: How many aunts? Em, I have six aunts. My Mom has three sisters and my Dad has three sisters.
William: And do you have a lot of cousins then?
Donald: Oh yes! I have ten cousins.

Comhrá a trí:

Síle: A Éamonn, an uncail thusa?
Éamonn: Sea, is uncail mé! Tá neacht amháin agam. Orla is ainm di. Tá Orla trí bliana d'aois, agus tá sí go hálainn. Agus tá nia amháin agam freisin – Micheál is ainm dó. Tá Micheál sé bliana d'aois.

Sheila: Eamonn, are you an uncle?
Eamonn: Yes, I'm an uncle! I have one niece. Her name is Orla. Orla is three years old, and she's beautiful. And I have one nephew too – his name's Michael. Michael is six years old.



Turas Teanga

Though not for absolute beginners, the Turas Teanga program (book, CDs and DVDs) is a great way to improve your Irish with some lively material. There are 20 units in the book and CDs covering various topics (e.g. traveling, food, education). Each lesson has vocabulary, conversations, grammar and exercises. Answers to exercises and translations of the conversations are provided at the end of each lesson. Accompanying DVDs provide video versions of many of the conversations as well as additional material, including a simulated “Reality Show” called “An Grá Faoi Ghlas”.

ISBN: 0-7171-3759-7

Publisher: RTÉ

Published: 2004

Info at: <http://www.rte.ie/tv/turasteanga/>

Ceisteanna

Freagair na ceisteanna a leanas le habairtí iomlána. Déan cleachtadh ar na sonraí a léamh amach os ard.

Answer the following questions with complete sentences. Practice reading the details out loud.

1. Cad is ainm duit? (what is your name)
2. Cé mhéad deartháir atá agat? (how many brothers do you have)
3. Cé mhéad deirfiúr atá agat? (how many sisters do you have)
4. Cad is ainm do d’athair? (what’s your father’s name)
5. Cár rugadh d’athair? (where was your father born)
6. Cad is ainm do do mháthair? (what’s your mother’s name)
7. An bhfuil páistí agat? (do you have children)
8. Cé mhéad páiste atá agat? (how many children do you have)
9. Cá bhfuil do dheartháir(eacha) ina (g)c(h)ónaí? (where do(es) your brother(s) live)
10. Cá bhfuil do deirfiúr(acha) ina (g)cónaí? (where do(es) your sister(s) live)